# ZA5884

# Flash Eurobarometer 365
# (European Union Citizenship)

# Country Questionnaire
# Ireland (Irish Gaelic)

**EB FLASH 365 - Citizenship - IEI**

| | |
|---|---|
| D1 | Cén aois thú? |

(SCRÍOBH SÍOS - I gCÁS "DIÚLTÚ" CÓD '99')

| | |
|---|---|
| | |

| | |
|---|---|
| D2 | Inscne |

| | |
|---|---|
| Fireannach | 1 |
| Baineannach | 2 |

SAORÁNACHT AN AONTAIS EORPAIGH

CUIR I nGACH CÁS

| | |
|---|---|
| Q1 | Baineann an suirbhé seo le saoránacht an Aontais Eorpaigh. An bhfuil cur amach agat ar an téarma "saoránach den Aontas Eorpach"? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Tá, agus tuigeann tú cad is brí leis | 1 |
| Tá, chuala tú faoi, ach ní thuigeann tú i gceart cad is brí leis | 2 |
| Níl, níor chuala tú an téarma "saoránach den Aontas Eorpach" riamh | 3 |
| Ní fhios/Níl bainteach | 4 |

MODIFIED TREND FL294 Q1

| | |
|---|---|
| Q2 | Cé chomh heolach atá tú, dar leatsa, faoi na cearta atá agat mar shaoránach den Aontas Eorpach? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| An-eolach | 1 |
| Réasúnta eolach | 2 |
| Measartha aineolach | 3 |
| Neamheolach amach is amach | 4 |
| Ní fhios/Níl bainteach | 5 |

MODIFIED TREND FL294 Q2

Q3: Rothlaigh ráitis 1 go dtí 3

| | |
|---|---|
| Q3 | I gcás gach ceann de na ráitis a léifidh mé amach, sonraigh le do thoil cé acu an gceapann tú go bhfuil siad fíor nó bréagach: |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | | Fíor | Bréagach | Ní fhios/Níl bainteach |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Ní mór duit iarratas a dhéanamh chun bheith i do shaoránach den Aontas | 1 | 2 | 3 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2 | Is saoránach den Aontas agus is saoránach Eireannach thú san am céanna | 1 | 2 | 3 |
| 3 | Is leatsa an rogha gan bheith i do shaoránach den Aontas más mian leat | 1 | 2 | 3 |

FL294 Q3

Q4: Rothlaigh ráitis 1 go dtí 6

| | |
|---|---|
| Q4 | Déanta na fírinne, ón mbliain 1993 ar aghaidh, is "saoránaigh den Aontas Eorpach" iad saoránaigh ar fad de Bhallstáit an AE. Cad iad na cearta a bhíonn ag saoránach den Aontas, dar leatsa? |

| | | Sea | Ní hea | Ní fhios/Níl bainteach |
|---|---|---|---|---|
| 1 | An ceart chun cónaí a bheith air/uirthi in aon Bhallstát den Aontas Eorpach, faoi réir coinníollacha áirithe | 1 | 2 | 3 |
| 2 | An ceart chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa nó leis an Ombudsman Eorpach | 1 | 2 | 3 |
| 3 | Nuair a bhíonn cónaí ar an saoránach i mBallstát eile, an ceart chun go gcaitear leis/léi go díreach mar a chaitear le náisiúnach den Stát sin | 1 | 2 | 3 |
| 4 | Nuair a bhíonn an saoránach lasmuigh den AE, an ceart chun cabhair a iarraidh ar ambasáidí na mBallstát eile den AE, mura bhfuil ambasáid ann ag a t(h)ír féin | 1 | 2 | 3 |
| 5 | An ceart chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh ó na saoránaigh, iarratas a síníodh ag milliún saoránach den AE ar a laghad, a thugann cuireadh don Choimisiún Eorpach beart nua a mholadh | 1 | 2 | 3 |
| 6 | Nuair a bhíonn cónaí ar an saoránach i mBallstát eile, an ceart chun teagmháil a dhéanamh go díreach le húdaráis na tíre sin chun pas nó doiciméad taistil eile a fháil, seachas é sin a iarraidh óna (h)ambasáid/c(h)onsalacht náisiúnta féin | 1 | 2 | 3 |

MODIFIED TREND FL294 Q4

| | |
|---|---|
| Q5 | Cé chomh heolach atá tú, dar leatsa, faoinar féidir leat a dhéanamh mura ngéilltear do do chearta mar shaoránach den AE? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| An-eolach | 1 |
| Réasúnta eolach | 2 |
| Measartha aineolach | 3 |
| Neamheolach amach is amach | 4 |

| | |
|---|---|
| Ní fhios/Níl bainteach | 5 |

NEW

| | |
|---|---|
| Q6 | An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baintear buntáistí amach go ginearálta don gheilleagar i do thír féin mar gheall ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den AE. |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Aontaím go láidir | 1 |
| Claonadh orm aontú | 2 |
| Claonadh orm easaontú | 3 |
| Easaontaím go láidir | 4 |
| Ní fhios/Níl bainteach | 5 |

NEW

Q7: Rothlaigh míreanna 1 go dtí 3

| | |
|---|---|
| Q7 | Má tá tú i dtír nach bhfuil ambasáid ag Éirinn inti, tá sé de cheart agat, mar shaoránach den AE, cabhair a fháil ó ambasáid de Bhallstát eile den AE. Braithfidh an chabhair a gheobhaidh tú ar an ambasáid a dtabharfaidh tú cuairt uirthi. Cé acu ráiteas is mó lena n-aontaíonn tú? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Ba cheart go mbeadh gach ambasáid in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál cabhrach a sholáthródh sí | 1 |
| Ba cheart do gach ambasáid íosleibhéal cabhrach a sholáthar ar a laghad | 2 |
| Ba cheart do gach ambasáid cabhair den chineál céanna a sholáthar dom is a ngeobhainn ó m'ambasáid féin | 3 |
| Ní fhios/Níl bainteach | 4 |

MODIFIED TREND FL294 Q5

| | |
|---|---|
| Q8 | I gcásanna nach náisiúnaigh de Bhallstát an AE iad daoine muinteartha de shaoránaigh AE, an gcreideann tú go mbeadh sé de cheart acu cúnamh a fháil ó ambasáidí na mBallstát de réir na coinníollacha céanna a bhaineann le saoránaigh an AE? |

| | |
|---|---|
| Creidim | 1 |
| Ní chreidim | 2 |
| Ní fhios/Níl bainteach | 3 |

FL294 Q6

| | |
|---|---|
| D4 | Cén aois a bhí tú nuair a d'fhág tú oideachas lánaimseartha? |

(INT.: I gCÁS "FÓS AG STAIDÉAR", CÓD '00' - I gCÁS "NÍ BHFUAIR MÉ AON OIDEACHAS" CÓD '01' - I gCÁS "DIÚLTÚ" CÓD '98' - I gCÁS "NÍ FHIOS" CÓD '99')

| | |
|---|---|
| | |

| | |
|---|---|
| D5a | Maidir leis an ról atá agat faoi láthair, an ndéarfá go bhfuil tú féinfhostaithe, gur fostaí tú, gur oibrí láimhe tú nó a ndéarfá go bhfuil tú gan gníomhaíocht ghairmiúil? |

(FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Féinfhostaithe | 1 |
| Fostaí | 2 |
| Oibrí láimhe | 3 |
| Gan gníomhaíocht ghairmiúil | 4 |
| Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD) | 5 |

CUIR D5b MÁS DUINE FÉINFHOSTAITHE É AN FREAGRÓIR, CÓD 1 IN D5a

| | |
|---|---|
| D5b | As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Feirmeoir, foraoiseoir, iascaire | 1 |
| Úinéir siopa, ceardaí | 2 |
| Duine gairmiúil (dlíodóir, liachleachtóir, cuntasóir, ailtire...) | 3 |
| Bainisteoir comhlachta | 4 |
| Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD) | 5 |

CUIR D5c MÁS FOSTAÍ É AN FREAGRÓIR, CÓD 2 IN D5a

| | |
|---|---|
| D5c | As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Duine gairme (dlíodóir, liachleachtóir, cuntasóir, ailtire fostaithe...) | 1 |
| Bainsitíocht ghinearálta, stiúrthóir, ardbhainistíocht | 2 |
| Meánbhainistíocht | 3 |
| Státseirbhíseach | 4 |
| Cléireach oifige | 5 |
| Fostaí eile (díoltóir, altra...) | 6 |
| Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD) | 7 |

CUIR D5d MÁS OIBRÍ LÁIMHE É AN FREAGRÓIR, CÓD 3 IN D5a

| | |
|---|---|
| D5d | As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Maoirseoir\ saoiste (bainisteoir foirne,..) | 1 |
| Oibrí láimhe | 2 |
| Oibrí láimhe neamhoilte | 3 |
| Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD) | 4 |

CUIR D5e MÁS DUINE GAN GNÍOMHAÍOCHT GHAIRMIÚIL É AN FREAGRÓIR, CÓD 4 IN

| | |
|---|---|
| D5e | As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | |
|---|---|
| Ag obair sa bhaile | 1 |
| Mac léinn (lánaimseartha) | 2 |
| Duine ar scor | 3 |
| Ag lorg poist | 4 |
| Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD) | 5 |

| | |
|---|---|
| D12 | Cén contae ina bhfuil cónaí ort? |

(LÉIGH AMACH OS ARD MÁS GÁ - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

| | | |
|---|---|---|
| | | |

| | |
|---|---|
| D13 | An déarfá go bhfuil cónaí ort i...? |

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL

| | |
|---|---|
| gCeantar tuaithe nó sráidbháile | 1 |
| mBaile beag nó meánmhéide | 2 |
| mBaile mór | 3 |
| Ní fhios (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD) | 4 |

| | |
|---|---|
| D18 | An bhfuil fón póca agat? |

(NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)

| | |
|---|---|
| Tá | 1 |
| Níl | 2 |

| | |
|---|---|
| D20 | An bhfuil guthan líne talún? |

(NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)

| | |
|---|---|
| Tá | 1 |
| Níl | 2 |

| | |
|---|---|
| D22 | Ar mhiste leat a insint dom cé mhéad duine atá cúig bliana déag d'aois nó níos mó a bhfuil cónaí orthu i do theachsa, tú féin san áireamh? |

SCRÍOBH SÍOS - I gCÁS "NÍ FHIOS" CÓD '98' - I gCÁS DIÚLTÚ CÓD '99')

| | | |
|---|---|---|
| | | Líon na ndaoine atá cúig bliana déag d'aois nó níos mó sa teaghlach |